C/2026/2556

29.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12408 — USS / MUNICH RE / CVC DIF / ENCYCLIS IRELAND ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2556)

1. An 22 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Universities Superannuation Scheme Limited ('USS', an Ríocht Aontaithe),

— DIF Management B.V. ('CVC DIF', an Ísiltír),

— Münchener Rückversicherungs-Gesellschaft Aktiengesellschaft in München ('Munich Re', an Ghearmáin),

— Encyclis Ireland Assets Limited ('Encyclis Ireland Assets', Éire).

Gheobhaidh USS, CVC DIF agus Munich Re rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Encyclis Ireland Assets.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é USS iontaobhaí corparáideach aonair Universities Superannuation Scheme, scéim pinsin phríobháidigh de chuid na Ríochta Aontaithe agus an phríomhscéim pinsin do bhaill foirne acadúla agus baill foirne chomhchosúla in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais agus taighde eile sa Ríocht Aontaithe. Cuimsíonn a phunann raon éagsúil earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, bonneagar sóisialta, trádstórais thionsclaíocha, iasachtú corparáideach, seirbhísí mótarbhealaigh, miondíol agus fóillíocht, tithíocht, agus coillearnach. Sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) go sonrach, infheistíonn USS i mbóithre dola (sa Spáinn, sa Phortaingéil agus in Éirinn) agus i bhfoinsí in-athnuaite gréine agus i ngás (sa Spáinn),

— Tá München Re gníomhach go príomha sna hearnálacha athárachais agus árachais,

— Bainisteoir cistí cothromais bonneagair is ea CVC DIF, a bhfuil sócmhainní á mbainistiú aige go príomha san Eoraip, i gcríocha Mheiriceá agus san Astraláise.

3. Is éard atá i ngníomhaíochtaí gnó Encyclis Ireland Assets an gnó 'aisghabháil fuinnimh' lena gcuimsítear an tsaoráid um Aisghabháil Fuinnimh i mBaile Átha Cliath atá lonnaithe ar Leithinis an Phoill Bhig i mBaile Átha Cliath, Éire.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12408 — USS / MUNICH RE / CVC DIF / ENCYCLIS IRELAND ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË